

# Gníomhaíocht Daltaí 1a



Tá táblaí ar an gcéad leathanach eile den doiciméad seo do gach feidhm thíos nuair atá  $x \in \{-3, -2, -1, 0, 1, 2, 3\}$ . Líon isteach na táblaí do na feidhmeanna uile ar dtús ionas go mbeidh tú in ann scála a roghnú a fheileann do na feidhmeanna uile nuair a bhreacann tú graf. Breac na graif uile ar an ngreille ar an gcéad leathanach eile agus úsáid **na haiseanna céanna agus an scála céanna** do na graif uile. Chun a chinntiú go mbeidh cuair gach graif i gceart, ríomh y-luachanna pointí idir na pointí atá breactha agat, agus cuir na freagraí sin i gcomparáid leis na y-luachanna a léifí ar do ghraf i gcás na bpointí céanna.

Iltéarmach san fhoirm $f(x) = ax^2$ $a \in \mathbb{N}$	Abair cén cruth atá ar an ngraf, agus má osclaíonn sé suas nó síos	x-idirlínte (an modh ailgéabrach agus ón ngraf)	y-idirlínte (an modh ailgéabrach agus ón ngraf)	Uaspointe / íospointe mar ordphéire, agus an lipéad uas. nó íos. leis	Fréamh (acha) réadacha $f(x)=0$	Cothromóid Ais na Siméadrachta	f (2.7)	Réitigh $f(x) = 8$	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ deimhneach? i.e. $f(x) > 0$ ?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ diúltach? i.e. $f(x) < 0$ ?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag méadú?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag laghdú?
$y = x^2$												
$y = 2x^2$												
$y = 3x^2$												
$y = \frac{1}{2}x^2$												

1. Cén difríocht a dhéanann an chomhéifeacht “a” do ghraf na feidhme  $f(x) = ax^2$ ?
2. Cé acu feidhm thuas a léiríonn an ráta athraithe is mó ar y i leith x? Cén chaoi is féidir é a sheiceáil?
3. Cé acu feidhm thuas a léiríonn an ráta athraithe is lú ar y i leith x? Cén chaoi is féidir é a sheiceáil?
4. Cé acu pointe ar an ngraf a ngabhann ais na siméadrachta tríd?

